Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12638/25**

**FIN 1054**
**INST 254**
**PE-L 29**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12246/25 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 13/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025 – Formheas – Formheas litreach |

1. An 26 Lúnasa 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 13/2025, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

   Is é is cuspóir don togra seo EUR 825 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 325 000 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ó Airteagal 30 02 02 (*Leithreasuithe difreáilte*) go hAirteagal 08 05 01 (*Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tíortha*), mar a leagtar amach in 12246/25.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2. Is é is aidhm don aistriú sin oibleagáidí airgeadais 2025 a chumhdach a eascraíonn as an bPrótacal Cur Chun Feidhme nua a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe (2025-2029).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra maidir le haistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 12 Meán Fómhair 2025.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra maidir le haistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 12246/25 é; agus

- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán an Choimisiúin

cóip: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[1], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 13/2025 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2025.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).